

## Teastas Eorpach na Gaeilge

Nuachtlitir 4, Fómhar 2016

### Teastas Eorpach na Gaeilge 10 mbliana ar an bhfód in 2016!

Tá beagnach 4,500 foghlaimoír fásta Gaeilge tar éis tabhairt faoi Scrúduithe TEG ó cuireadh an córas ar bun in 2006. Cuireann Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad na scrúduithe seo ar fáil ar fud na tíre agus in ionaid thar lear. Is éard atá i gceist le TEG ná córas scrúduithe iniúlachta a léiríonn go soiléir d'fhoghlaimoírí cén leibhéal teanga atá acu agus a thugann deis dóibh dul chun cinn a dhéanamh dá réir. Déantar na ceithre scil teanga a thástáil sna scrúduithe: labhairt, scríbhneoireacht, léamhthuiscint agus cluastuiscint. Is féidir le hiarrthóirí gurbh fhearr leo díriú ar a gcumas labhartha an scrúdú cainte a dhéanamh leis féin agus páirtchreidiúint a fháil. Tá tuilleadh eolais faoi seo ar leathanach a 4.

## Q Mark bronnta ar TEG

Bhronn an Association of Language Testers in Europe (ALTE) gradam idirnáisiúnta ar scrúduithe Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG) le déanaí, a thugann aitheantas do chaighdeáin agus iontaofacht scrúduithe TEG le déanaí.



Emyr Davis, ALTE agus Siuán Ní Mhaonaigh, Stiúrthóir TEG, ag ócáid bhronnta an Q Mark

Tá cúig leibhéal scrúdaithe i gcóras TEG agus leibhéil na scrúduithe sin bunaithe go ginearálta ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha (Comhairle na hEorpa, 2001), doiciméad a thugann treoir d'institiúidí teanga ar fud na hEorpa maidir le córais mheasúnaithe teanga a fhorbairt.

Cuireadh ALTE ar bun i 1989 agus ó shin i leith tá an eagraíocht i mbun caighdeáin chomónta a fhorbairt le haghaidh tástálacha teanga ar fud na hEorpa. Tá cuid de na heagraíochtaí measúnaithe teanga is iomráití ar domhan ina mball de ALTE: Cambridge English Language Assessment, an Goethe-Institut agus Charles University ina measc.

“Is aitheantas idirnáisiúnta é seo agus barántas breise d'iarrthóirí, d'fhostóirí agus do pháirtithe leasmhara eile maidir le caighdeán agus iontaofacht scrúduithe TEG,” a dúirt Anna Ní Ghallchóir, Stiúrthóir Lárionad na Gaeilge in Ollscoil Mhá Nuad.

## Teastas Eorpach na Gaeilge san Astráil

Ba bhliain stairiúil í 2016 i scéal TEG nuair a bunaíodh an chéad ionad scrúdaithe san Astráil. Rinne 33 duine Scrúdú Bonnleibhéal 1 (A1) de Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG) i Sydney na hAstráile an samhradh seo caite, an chéad uair riamh gur tionóladh scrúduithe an taobh sin den domhan.

Dúirt Artúr de Bastábla, ball de choiste na ranganna Gaeilge i Sydney agus duine acu-san a rinne an scrúdú é féin, gur “ócáid fhíorstairiúil” a bhí ann do fhoghlaimoirí Gaeilge na hAstráile agus bhí sé dóchasach go gcuirfí an chéad leibhéal eile de TEG ar fáil an bhliain seo chugainn.



Scrúdú TEG Bonnleibhéal 1 (A1) faoi lán seoil i Sydney, Meitheamh 2016

Bhí idir Éireannaigh agus Astrálaigh ó dhúchas ina measc sin a thug faoin scrúdú agus thaistil siad ó chúinní éagsúla den Astráil go Sydney don scrúdú a d’eagraigh Ollscoil Mhá Nuad, ar iarratas ó ghrúpa foghlaimoirí Gaeilge i Sydney.



Is mian le Foireann TEG a fhógairt anois go bhfuil an réamhphleanáil do scrúduithe TEG 2017 i Sydney idir lámha anois agus go mbeidh scrúduithe ag Bonnleibhéal (A1) agus Bonnleibhéal 2 (A2) ar siúl ansin ar an 9 Meitheamh 2017.

Tá tuilleadh eolais faoi Scoil Gheimhridh Sydney ar fáil ag [www.irishlanguageschoolsydney.org.au](http://www.irishlanguageschoolsydney.org.au) Is féidir iarratas a chur isteach anois ar Scrúduithe TEG 2017 ag [www.teg.ie](http://www.teg.ie)

Córas iarratais TEG ar oscailt anois!

# Cuir le do chuid cáilíochtaí. Cláraigh do TEG 2017!



**publicjobs.ie**

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí  
Public Appointments Service

## 6 Rud nach raibh ar eolas agat faoi TEG!

### Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2) ag teastáil do phostanna áirithe sa tSeirbhís Phoiblí

Mar chuid den phróiseas earcaíochta d'Oifig Fheidhmiúcháin sa tSeirbhís Phoiblí, tá sé mar pholasaí ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí scrúdú cainte agus scríofa ag Meánleibhéal 2 (B2) Teastas Eorpach na Gaeilge a chur ar iarrthóirí gur mhaith leo áit a fháil sa tSraith Speisialtachta Ghaeilge.

Is ón tSraith seo a líontar folúntais ina bhfuil scileanna Gaeilge ag teastáil agus bítear ag súil go bhfuil iarrthóirí a n-éiríonn leo in ann réimse iomlán seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Tá treoir chuimsitheach, scrúduithe samplacha, siollabas agus tuairisc an Phríomhscrúdaitheora ar fáil ar shuíomh TEG. Moltar d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí araon an t-ábhar seo a léamh go cúramach agus iad ag ullmhú don scrúdú.

Tuileadh eolais ar [www.teg.ie](http://www.teg.ie) agus [www.publicjobs.ie](http://www.publicjobs.ie)

1. Tá Scrúduithe TEG déanta ag beagnach 4500 duine ó cuireadh an córas ar bun i 2006. Rinne 650 duine scrúduithe i 2016.
2. Tá Siollabais TEG bunaithe ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha faoi mar atá an siollabas Fraincise ag an Alliance Francaise agus an siollabas Gearmáinise ag an Goethe Institut, mar shampla.
3. Cuirimid scrúduithe cainte ar siúl ar fud na tíre i rith na bliana do ghrúpaí. Labhair linn faoi!
4. Faighimid iarratais gach bliain ó ghrúpaí foghlaimoirí i ngach cearn den domhan ag iarraidh orainn ionaid scrúdaithe a oscailt ina gceantar.
5. Tá siollabais agus ábhar teagaisc TEG saor in aisce agus ní gá cead a fháil chun iad a úsáid.
6. Cuireann Foireann TEG tacaíocht agus comhairle ar fáil do mhúinteoirí.

**Gaeilge do thuismitheoirí**  
Irish for parents



**Tá suíomh idirlín úrnua cruthaithe ag Gaeloideachas do thuismitheoirí a bhfuil a leanaí ag freastal ar Ghaelscoileanna** gur mhaith leo cur lena gcuid Gaeilge féin agus mar acmhainn do mhúinteoirí a mhúineann ranganna Gaeilge do thuismitheoirí. Ar an suíomh seo, cuirtear acmhainní foghlama agus teagaisc ar fáil atá dírithe ar shaol laethúil an teaghligh. Chomh maith leis sin, tá cabhairlíne bheo ar fáil do thuismitheoirí atá i mbun obair bhaile lena gcuid páistí.

Tá an t-ábhar bunaithe ar Shiollabais TEG, rud a chiallaíonn gur féidir le foghlaimoirí dul i dtreo Scrúduithe TEG agus cáilíocht a bhaint amach sa Ghaeilge.

Tá an suíomh [www.irishforparents.ie](http://www.irishforparents.ie) maoinithe ag Foras na Gaeilge agus ag COGG.

# Aon cheist agat?

Cuir ríomhphost chugainn ag [teanga@nuim.ie](mailto:teanga@nuim.ie)

## Dátaí tábhachtacha TEG 2016/17

Leibhéal	Dáta an Scrúdaithe	Spriocdháta d'iarraitais
Ardleibhéal 1 (C1)	27-28 Eanáir (Má Nuad amháin) 18-19 Lúnasa (Má Nuad amháin)	6 Eanáir 4 Lúnasa
Meánleibhéal 2 (B2)	1 Aibreán (Gach ionad) 12 Lúnasa (Má Nuad amháin)	1 Márta 28 Iúil
Meánleibhéal 1 (B1)	13 Bealtaine (Gach ionad)	1 Márta
Bonnleibhéal 2 (A2)	27 Bealtaine (Gach ionad) 9 Meitheamh (Sydney amháin)	1 Márta
Bonnleibhéal 1 (A1)	3 Meitheamh (Gach ionad) 9 Meitheamh (Sydney amháin)	1 Márta

## Ionaid Scrúdaithe

Béal Feirste Caisleán an  
Bharraigh Corcaigh  
Gaoth Dobhair Cill  
Chainnigh Cill Airne  
Leitir Ceanainn Má  
Nuad Nua-Eabhrac  
Páras Prág An Spidéal  
Sydney Ottawa  
Luimneach

### Cé mhéad ama ar cheart dom a chaitheamh ag ullmhú do scrúdú TEG?

Moltar d'fhoghlaimoirí méid áirithe ama a chaitheamh i mbun staidéir agus cleachtaidh ar an teanga roimh thabhairt faoi scrúdú faoi leith. Tá treoir ghinearálta sa léaráid faoin mhéad ama atá i gceist le hábhair na siollabas a chlúdach ag gach leibhéal. Moltar d'fhoghlaimoirí ag gach leibhéal oiread teagmhála agus is féidir a bheith acu leis an teanga. Is féidir seo a dhéanamh trí ranganna, staidéar pearsanta rialta, ciorcail chomhrá agus deiseanna úsáide eile nach iad (cláir theilifíse agus raidió; scannáin; nuachtáin ar líne agus eile). Féach ar an leathnach [Naisc agus Acmhainní](#) le tuilleadh smaointe a fháil maidir leis an bhfoghlaim éifeachtach teanga.

Leibhéal	Uaireanta an chloig foghlama a mholtar
Bonnleibhéal 1 (A1)	80 - 100
Bonnleibhéal 2 (A2)	+ 160 - 200
Meánleibhéal 1 (B1)	+ 350 - 400
Meánleibhéal 2 (B2)	+ 500 - 600
Ardleibhéal 1 (C1)	+ 1000
Ardleibhéal 2 (C2)	+ 1500

Tá siollabais, ábhar teagaisc agus páipéir scrúdaithe shamplacha ag gach leibhéal ar fáil ar an suíomh idirlín [www.teg.ie](http://www.teg.ie).

### Déan an scrúdú cainte ag leibhéal ar bith chun páirtchreidiúint a fháil.

De bharr éilimh ó ionaid teagaisc in Éirinn agus thar lear, rinneadh an cinneadh teastas sa Ghaeilge labhartha a chur ar fáil. Is féidir le foghlaimoirí ó Bhonnleibhéal go hArdleibhéal cur isteach ar an scrúdú cainte amháin agus páirtchreidiúint a fháil ar a gcuid scileanna labhartha.

Teastas Eorpach na Gaeilge  
Lárionad na Gaeilge  
Ollscoil Má Nuad  
Co. Chill Dara  
01-7083737

[teanga@nuim.ie](mailto:teanga@nuim.ie)

[www.teg.ie](http://www.teg.ie)